Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8857/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0199(COD)**

**CODEC 712**
**CADREFIN 248**
**RELEX 441**
**COH 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh **(an chéad léamh)**<br>Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 29 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 178, 209(1), 212(2) agus 349 CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 5 Nollaig 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 26 Márta 2019[4].

[1] 9536/18 + ADD 1
[2] IO C 440, 6.12.2018, lgh. 116-123
[3] IO C 86, 7.3.2019, lgh. 137-164
[4] 7716/19

5. An 16 Nollaig 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

6. An 18 Nollaig 2020, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir ina dhiaidh sin chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas:

- a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 5488/21 é agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 5488/21 ADD 1 é a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

8. Ag an am céanna, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle[5], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an Rialachán thuasluaite a ghlacadh, más rud é, de bharr na n-imthosca a bhaineann le COVID-19, nach mbeidh aon chruinniú ag an gComhairle roimh an 29 Bealtaine 2021.

---

[5] Cinneadh (AE) 2020/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lgh. 15–16)